2025/130

29.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/130 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 a mhéid a bhaineann le forbairtí faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol agus leis an bhféidearthacht ceadanna cúlghabhálacha a eisiúint

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos forálacha lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus lena n-áirithítear go comhlíontar go hiomlán forálacha an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) (an Coinbhinsiún).

(2) Glacadh rúin áirithe ag an 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún (CoP19) i gCathair Phanama (i bPoblacht Phanama) ón 14 go dtí an 25 Samhain 2022 agus rinneadh cinntí agus moltaí ag an 75ú cruinniú agus ag an 77ú cruinniú de Bhuanchoiste CITES.

(3) Go sonrach, ag COP19, comhaontaíodh athruithe áirithe ar Rún Comhdhála 10.16 (Rev. CoP19) lena leasaítear an sainmhíniú ar stoc pórúcháin. Is gá na hathruithe sin a ionchorprú i ndlí an Aontais.

(4) Chomh maith leis sin, tugadh cothrom le dáta an liosta tagairtí caighdeánacha le haghaidh ainmníochta atá i gceangal le Rún Comhdhála 12.11 (Rev. CoP19), atá le húsáid chun ainmneacha eolaíocha na speiceas a léiriú i gceadanna agus i ndeimhnithe. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.

(5) Ba cheart cinneadh CoP19 maidir le hathrú ar ainmníocht a léiriú freisin in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.

(6) Le CoP19, leasaíodh Rún Comhdhála 12.3 a mhéid a bhaineann le críocha éagsúla idirbhirt agus leis na cóid atá le húsáid chun na críocha sin a ainmniú. Ba cheart na leasuithe sin a léiriú in Airteagal 5c de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 agus in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin. Go háirithe, leasaíodh Rún Comhdhála 12.3 trí shainmhínithe ar chóid Z, M, E, N agus L chun críoch idirbhirt a chur isteach. Ba cheart na sainmhínithe sin a áireamh in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.

(7) Ag an 75ú agus an 77ú cruinniú de Bhuanchoiste CITES rinneadh athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le tuarascálacha bliantúla a chur isteach. Is éard atá iontu cóid athbhreithnithe atá le háireamh sa tuairisc ar eiseamail agus ar aonaid tomhais atá le húsáid i gceadanna agus i ndeimhnithe. Ní mór na cóid athbhreithnithe agus na haonaid tomhais a léiriú in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.

(8) Le Rún Comhdhála 11.17 (Rev. COP19) leagadh síos an 31 Deireadh Fómhair den bhliain roimh gach Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún mar sprioc-am chun tuarascálacha cur chun feidhme a chur isteach. Ba cheart Airteagal 69 de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 a leasú chun go gur an 15 Meitheamh sprioc-amanna uile laistigh den Aontas chun tuarascálacha ó na Ballstáit a chur isteach ionas gur féidir leis an gCoimisiún a dhualgas tuairisciú do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain atá i gceist. Leis an leasú nua maidir le tuarascálacha cur chun feidhme a chur isteach, soiléirítear an tagairt d'Airteagal 15(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

([1]) IO L 61, 3.3.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/338/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 166, 19.6.2006, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/865/oj).

(9) Chun Rún Comhdhála 12.10 (Rev. CoP15) agus na moltaí a ghlac Buanchoiste CITES ag an 77ú cruinniú a bhí aige a chur chun feidhme, ba cheart forálacha agus iarscríbhinní áirithe a leasú, agus ba cheart forálacha breise, chomh maith le hIarscríbhinn XIV nua a chur le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.

(10) Le Rún Comhdhála 12.10 (Rev. CoP15) luaitear gur cheart an díolúine a leagtar amach in Airteagal VII, mír 4, den Choinbhinsiún a chur chun feidhme trí oibríochtaí lena ndéantar eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a thógáil i mbraighdeanas chun críoch tráchtála a bheith á gclárú ag Rúnaíocht an Choinbhinsiúin.

(11) Ag an 77ú cruinniú de Bhuanchoiste CITES, cinneadh nach bhfuil Airteagal III agus Airteagal VII, mír 4 den Choinbhinsiún á gcur chun feidhme go héifeachtach ag an Aontas maidir le clárú oibríochtaí a dhéanann eiseamail de speicis ainmhithe i bhFoscríbhinn I a thógáil i mbraighdeanas chun críoch tráchtála.

(12) D'áitigh Buanchoiste CITES ar Údaráis Bhainistíochta CITES an Aontais a áirithiú, maidir le saoráidí a dhéanann eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a thógáil i mbraighdeanas chun críoch tráchtála, go ndéanfar iad a chlárú le Rúnaíocht an Choinbhinsiúin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bunaíodh i Rún Comhdhála. 12.10 (Rev. CoP15).

(13) D'iarr Buanchoiste CITES freisin ar na Páirtithe sa Choinbhinsiún srian a chur le hallmhairí eiseamal de speicis ainmhithe a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála go príomha, ar speicis iad a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, agus na hallmhairí a theorannú do speicis a tháirgeann oibríochtaí atá cláraithe le Rúnaíocht an Choinbhinsiúin agus diúltú d'aon chead nó d'aon deimhniú a dheonaítear faoi Airteagal VII, mír 4, mura de thionscnamh saoráide cláraithe na heiseamail lena mbaineann.

(14) I bhfianaise líon suntasach na n-iarratas a d'fhéadfadh a bheith ann ar oibríochtaí a chlárú le Rúnaíocht an Choinbhinsiúin agus an ama is gá do na húdaráis náisiúnta agus do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin chun na hiarratais a phróiseáil, ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le heisiúint ceadanna agus deimhnithe le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú agus athonnmhairiú, chun críoch tráchtála, eiseamal de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus a bheirtear agus a phóraítear i mbraighdeanas a chur siar.

(15) Ar deireadh, i gcásanna eisceachtúla, maidir le heiseamail mharbha a onnmhairítear go dleathach agus a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla, ar chúiseanna comhréireachta, cead allmhairiúcháin cúlghabhálach a eisiúint i gcás ina bhfuil fianaise ar fhíorearráid agus i gcás ina bhfuil an t-idirbheart, seachas sin, i gcomhlíonadh le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, an Coinbhinsiún agus reachtaíocht ábhartha na tíre is onnmhaireoir.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 a leasú dá réir.

(17) Tá na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Thrádáil in Fauna agus in Flora Fiáine,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) 865/2006 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (3):

'(3) ciallaíonn 'stoc pórúcháin' na hainmhithe go léir in oibríocht phórúcháin a úsáideadh nó a úsáidtear le haghaidh atáirgthe;';

(2) in Airteagal 5c, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

'1. Léireofar críoch an idirbhirt le ceann de na cóid i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo. I gcás nach léir gur gnéithe neamhthráchtála atá ceannasach, is T an cód chun críche idirbhirt a úsáidfear, ach amháin i gcás ina bhfuil cód malartach ann a thugann léiriú níos cruinne ar chineál an idirbhirt idir an t-(ath-)onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir nó ar an úsáid atá beartaithe ag an allmhaireoir, agus sa chás sin is é an cód eile sin a úsáidfear.

I gcás inar léir gur gnéithe neamhthráchtála an idirbhirt atá ceannasach, úsáidfear an cód is fearr a thugann tuairisc ar chineál an idirbhirt nó ar an úsáid atá beartaithe.';

(3) cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 15(2):

'A mhéid a bhaineann le heiseamail arna n-allmhairiú nó arna n-(ath-)onnmhairiú mar earraí pearsanta agus tí, a bhfuil feidhm ag forálacha Chaibidil XIV maidir leo, a mhéid a bhaineann le hainmhithe beo atá faoi úinéireacht phearsanta agus a fuarthas go dleathach agus a choinnítear go dleathach chun críocha pearsanta neamhthráchtála, agus, i gcásanna eisceachtúla, a mhéid a bhaineann le heiseamail mharbha allmhairithe a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus a onnmhairítear go dleathach, beidh feidhm ag an maolú dá bhforáiltear i mír 1 freisin más rud é gur deimhin le húdarás bainistíochta inniúil an Bhallstáit, i gcomhairle leis an údarás forfheidhmiúcháin ábhartha, go bhfuil fianaise ann go ndearnadh fíorearráid agus nach ndearnadh aon iarracht meabhlaireacht a dhéanamh agus, seachas sin, go bhfuil allmhairiú nó (ath-)onnmhairiú na n-eiseamal lena mbaineann i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, leis an gCoinbhinsiún agus le reachtaíocht ábhartha na tíre is onnmhaireoir. Ní bheidh feidhm ag an maolú sin más rud é go ndearna an t-allmhaireoir nó an t-(ath-) onnmhaireoir earráid chomhchosúil roimhe sin.';

(4) in Airteagal 20, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

'5. A mhéid a bhaineann le hiarratais ar cheadanna allmhairiúcháin chun críoch tráchtála a chuirfear isteach tar éis an 31 Nollaig 2026 le haghaidh eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar eiseamail iad a bheirtear agus a phóraítear i mbraighdeanas, deimhneoidh an t-iarratasóir don údarás bainistíochta gur de thionscnamh oibríocht atá cláraithe ag Rúnaíocht an Choinbhinsiúin le haghaidh an speicis sin mar oibríocht a dhéanann eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a thógáil i mbraighdeanas chun críoch tráchtála don eiseamal.';

(5) in Airteagal 26, cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas :

'4a. A mhéid a bhaineann le hiarratais a chuirtear isteach tar éis an 31 Nollaig 2026 ar cheadanna agus ar dheimhnithe le haghaidh onnmhairiú agus athonnmhairiú chun críoch tráchtála eiseamal de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar eiseamail iad a bheirtear agus a phóraítear i mbraighdeanas, deimhneoidh an t-iarratasóir don údarás bainistíochta gur de thionscnamh oibríocht atá cláraithe ag Rúnaíocht an Choinbhinsiúin don speiceas sin mar oibríocht a dhéanann eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a thógáil i mbraighdeanas chun críoch tráchtála an t-eiseamal.";

(6) cuirtear an méid a leanas in ionad cheannteideal Chaibidil XIII:

'EISEAMAIL A RUGADH AGUS A PÓRAÍODH I mBRAIGHDEANAS, EISEAMAIL A IOMADAÍODH GO SAORGA AGUS CLÁRÚ OIBRÍOCHTAÍ LENA nDÉANTAR EISEAMAIL DE SPEICIS AINMHITHE A LIOSTAÍTEAR I bhFOSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN gCOINBHINSIÚN A PHÓRÚ I mBRAIGHDEANAS CHUN CRÍOCH TRÁCHTÁLA';

(7) cuirtear Airteagal 54a isteach mar a leanas:

'*Airteagal 54a*

Oibríochtaí a chlárú lena ndéantar eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phórú i mbraighdeanas chun críoch tráchtála

1. Chun oibríocht a chlárú le Rúnaíocht an Choinbhinsiúin mar oibríocht a dhéanann eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phórú i mbraighdeanas chun críoch tráchtála, cuirfidh an duine nádúrtha nó dlítheanach atá i bhfeighil na hoibríochta ('an t-oibreoir') iarratas ar chlárú faoi bhráid údarás bainistíochta an Bhallstáit ina bhfuil an oibríocht lonnaithe. Áireofar san iarratas an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV agus léireofar go gcomhlíonann an oibríocht na ceanglais seo a leanas ar fad:

(a) go bhfuil an stoc pórúcháin bunaithe i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin agus le forálacha reachtaíocht ábhartha an Bhallstáit ina bhfuil an oibríocht lonnaithe, ar bhealach nach ndéanann dochar do mharthanas an speicis san fhiántas;

(b) go cáilíonn na heiseamail arna dtáirgeadh ag an oibríocht mar eiseamail ‘a rugadh agus a póraíodh i mbraighdeanas’ faoin gcaibidil seo;

(c) go n-áiritheoidh an t-oibreoir go n-úsáidtear córas marcála iomchuí agus slán chun an stoc pórúcháin agus na heiseamail go léir atá á dtrádáil a shainaithint go soiléir i gcomhréir le hAirteagal 66;

(d) go ndéanann an oibríocht rannchuidiú fóinteach leanúnach bunaithe ar riachtanais chaomhnaithe an speicis lena mbaineann.

2. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta an t-iarratas ar chlárú a chur faoi bhráid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin, nuair is deimhin leis, i gcomhairle leis an údarás eolaíochta, go ndearnadh an fhaisnéis go léir a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a chur ar fáil agus gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach i mír 1, agus nach bhfuil aon tosca eile ann a bhaineann le caomhnú an speicis a dhéanann díobháil don chlárú.

Gabhfaidh éifeacht leis an gclárú nuair a áireofar an oibríocht i gclár na n-oibríochtaí a dhéanann eiseamail de speicis ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phórú i mbraighdeanas chun críoch tráchtála, clár a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun (‘an Clár’).

3. Más rud go n-athraítear cineál na hoibríochta nó na cineálacha táirgí atá á dtáirgeadh lena n-onnmhairiú, tabharfaidh an t-oibreoir fógra don údarás bainistíochta chun nuashonrú na faisnéise sa Chlár a cheadú.

4. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta, i gcomhairle leis an údarás eolaíochta, a iarraidh ar Rúnaíocht an Choinbhinsiúin oibríocht laistigh dá dlínse a bhaint den Chlár arna iarraidh sin don oibreoir nó má fhaigheann sí amach nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceanglais maidir leis an gclárú dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh a thuilleadh. Ó dháta na hiarrata ón údarás bainistíochta, ní dheonófar aon chead onnmhairiúcháin ná deimhniú athonnmhairiúcháin le haghaidh eiseamail na speiceas ainmhithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún le haghaidh na hoibríochta sin.

Scoirfidh an clárú de bheith bailí nuair a bhainfidh Rúnaíocht an Choinbhinsiúin an oibríocht den Chlár.’;

(8) in Airteagal 65, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní eiseofar ceadanna onnmhairiúcháin maidir le veirteabraigh bheo na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ach amháin más deimhin leis an údarás inniúil bainistíochta gur chomhlíon an t-iarratasóir na ceanglais ábhartha a leagtar síos in Airteagal 66 den Rialachán seo. Níl feidhm aige sin maidir le heiseamail de speicis a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

a) forordaítear marcáil le hanótáil in Iarscríbhinn X;

b) póraíodh na heiseamail in oibríocht tógála a áirítear sa Chlár.’;

(9) in Airteagal 66, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun críocha Airteagal 33(1),Airteagal 40(1), Airteagal 54a, agus Airteagal 59(5) agus Airteagal 65(4), beidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo.’;

(10) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 69:

‘*Airteagal 69*

Tuarascálacha maidir le hallmhairí, onnmhairí agus athonnmhairí agus maidir le cur chun feidhme

1. Baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le hallmhairí isteach san Aontas agus maidir le honnmhairí agus athonnmhairí ón Aontas a rinneadh ar bhonn ceadanna agus deimhnithe arna n-eisiúint ag a n-údaráis bhainistíochta, gan beann ar an áit iarbhír inar tugadh isteach iad nó chuig a n-(ath)onnmhairítear iad.

Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 15(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 338/97, an fhaisnéis sin a thuairisciú don Choimisiún, le haghaidh bliain féilire, i gcomhréir leis an sceideal ama a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo, maidir le speicis a liostaítear in Iarscríbhinní A, B agus C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, i bhfoirm ríomhairithe agus i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le hullmhú agus cur isteach tuarascálacha bliantúla CITES arna n-eisiúint ag Rúnaíocht an Choinbhinsiúin.

2. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i láthair in dhá chuid ar leith, mar a leanas:

(a) cuid amháin maidir le hallmhairí, onnmhairí agus athonnmhairí eiseamal de speicis a liostaítear sna Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;

(b) cuid amháin maidir le heiseamail de speicis eile a liostaítear in Iarscríbhinní A, B agus C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a allmhairiú, a onnmhairiú agus a athonnmhairiú agus maidir le heiseamail de speicis a liostaítear in Iarscríbhinn D a ghabhann leis an Rialachán sin a thabhairt isteach san Aontas.

3. Maidir le lastais ina bhfuil ainmhithe beo a allmhairiú, coinneoidh na Ballstáit, i gcás inar féidir, taifid ar chéatadán na n-eiseamal de speicis a liostaítear in Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a bhí marbh tráth ar tugadh isteach san Aontas iad.

4. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 338/97 mionsonraí maidir leis na bearta reachtacha, rialála agus riaracháin arna ndéanamh chun forálacha Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus an Rialacháin seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Chomh maith leis sin, tuairisceoidh na Ballstáit na gnéithe seo a leanas:

(a) daoine agus comhlachtaí arna gclárú i gcomhréir le hAirteagail 18 agus 19 den Rialachán seo;

(b) institiúidí eolaíocha arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 60 den Rialachán seo;

(c) póraitheoirí arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán seo;

(d) gléasraí pacáistithe caibheáir nó athphacáistithe caibheáir arna gceadúnú i gcomhréir le hAirteagal 66(7) den Rialachán seo;

(e) an úsáid a bhaineann siad as deimhnithe físeashláintíochta i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo;

(f) cásanna inar eisíodh ceadanna onnmhairiúcháin agus deimhnithe athonnmhairiúcháin go cúlghabhálach i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán seo.

5. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 4 isteach i bhfoirm ríomhairithe agus i gcomhréir leis an 'Formáid Tuarascála Cur Chun Feidhme' arna heisiúint ag Rúnaíocht an Choinbhinsiúin agus arna leasú ag an gCoimisiún agus comhfhreagróidh sí don tréimhse 3 bliana dar críoch an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.

An fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4, an dara fomhír, más rud é nach n-áirítear í sa teachtaireacht de bhun Airteagal 15(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 338/97 nó san fhógra de bhun Airteagal 66(7) den Rialachán seo, déanfar í a chur isteach i bhfoirm ríomhairithe in éineacht leis an teachtaireacht de bhun Airteagal 15(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

6. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 in iúl don Choimisiún le haghaidh gach bliain féilire roimh an 15 Meitheamh den bhliain dár gcionn ar bhonn gach speicis agus de réir na tír is (ath)onnmhaireoir.

Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 4 in iúl don Choimisiún faoin 15 Meitheamh den bhliain roimh bhliain gach cruinnithe de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún.';

(11) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní VII, VIII agus IX;

(12) in Iarscríbhinn X, cuirtear an iontráil*Psephotellus dissimilis* in ionad na hiontrála *Psephotus dissimilis*.

(13) Cuirtear isteach Iarscríbhinn XIV, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN VII

Cóid atá le háireamh sa tuairisc ar eiseamail agus ar aonaid tomhais atá le húsáid i gceadanna agus i ndeimhnithe de bhun Airteagal 5(1) agus (2)

Tuairisciú	Cód téarma trádála	An t-aonad tosaíochta	Aonad malartach	Míniú
bailín	BAL	kg	líon	bileoga leaisteacha ceiritine a chrochann ó ghiall uachtarach na míolta móra bailíneacha (*Mysticeti*) agus a chuireann ar a gcumas dóibh beathú
coirt	BAR	kg		coirt crann (amh, triomaithe nó púdraithe; neamhphróiseáilte)
corp	BOD	líon	kg	ainmhithe marbha beagnach iomlán, lena n-áirítear éisc iomlána, turtair stuáilte, féileacáin leasaithe, reiptílí in alcól, trófaithe fiaigh stuáilte iomlána, etc. I gcás tagairt d'eiseamail de shiorcanna agus roic (*Elasmobranchii spp*.), is é kg an t-aonad tosaíochta.
cnámh	BON	kg	líon	cnámha, lena n-áirítear gialla
calipee	CAL	kg		calipee nó calipash (loingeán turtair le haghaidh anraith)
carapás	CAP	líon	kg	sliogáin iomlána amha nó neamhshaoirsithe de speicis Tortaraigh.
snoiteán	CAR	kg	líon	táirgí snoite seachas eabhar, cnámh nó adharc – mar shampla coiréal agus adhmad (lena n-áirítear earraí lámhcheardaíochta). N.B.: Ba cheart snoiteáin eabhair a shonrú amhlaidh (féach thíos – 'IVC'). Chomh maith leis sin, maidir le speicis lenar féidir níos mó ná cineál amháin táirge shnoigh (e.g. adharc agus cnámh), ba cheart an cineál táirge trádála a léiriú sa chód téarma trádála (e.g. snoiteán cnáimhe 'BOC' nó snoiteán adhairce – 'HOC'), i gcás inar féidir.
snoiteán - cnámh	BOC	kg	líon	snoiteán cnáimhe
snoiteán - adharc	HOC	kg	líon	snoiteán adhairce
snoiteán - eabhar (eabhar saoirsithe)	IVC	kg	líon	snoiteáin eabhair, lena n-áirítear e.g. píosaí beaga eabhair shaoirsithe (cosa sceana, tacair fichille, tacair oragáin, etc.). N.B. Ba cheart starra snoite iomlána a thuairisciú mar 'snoiteán – eabhar' (IVC) seachas mar starra (féach 'TUS' thíos). Ba cheart seodra a dhéantar as eabhar snoite a thuairisciú mar 'seodra – eabhar' (féach IJW thíos).
caibheár	CAV	kg		uibheacha neamhthoirchithe próiseáilte marbha ó gach speiceas *Acipenseriformes*; ar a dtugtar eochraí freisin.
sliseanna (sliseanna adhmaid)	CHP	kg		sliseanna adhmaid, go háirithe *Aquilaria* spp., *Gyrinops* spp. agus *Pterocarpus santalinus*
crúb	CLA	líon	kg	crúba – e.g. de chuid *Felidae*, *Ursidae* nó *Crocodylia* (NB: is gainní de ghnáth a bhíonn i 'gcrúba turtair' seachas fíorchrúba)

Tuairisciú	Cód téarma trádála	An t-aonad tosaíochta	Aonad malartach	Míniú
éadach	CLO	m2	kg	éadach – mura ndearnadh an t-éadach go hiomlán as fionnadh de chuid speicis CITES, ba cheart meáchan fionnaidh an speicis lena mbaineann a thaifeadadh, más féidir, ina áit sin, faoi 'HAI'
coiréal (amh)	COR	líon	kg	coiréal amh nó neamhshaoirsithe agus carraig choiréil (carraig bheo agus substráit bheo freisin) [mar a shainmhínítear i Rún Conf. 11.10 (CoP15.)]. Ba cheart carraig choiréil a thaifeadadh mar '*Scleractinia* spp.' NB: níor cheart an trádáil a thaifeadadh de réir líon na bpíosaí ach amháin i gcás ina n-iompraítear na heiseamail choiréil in uisce. Ba cheart carraig bheo (arna hiompar tais i mboscaí) a thuairisciú ina cileagraim; ba cheart substráit coiréil a thuairisciú de réir líon na bpíosaí substráite (ós rud é go n-iompraítear iad in uisce mar an substráit lena bhfuil coiréil neamh-CITES ceangailte).
cosmaidí	COS	g	ml	*Aon táirge nó meascán táirgí nach gcuirtear ach ar bhaill sheachtracha na colainne (e.g. craiceann, gruaig, ingne, baill ghiniúna, beola nó fiacla nó seicin mhúcasach chuas an bhéil) chun an ball sin a ghlanadh, a chumhrú, a chosaint nó cuma an bhaill sin a athrú. Féadfar an méid a leanas a áireamh le cosmaidí: smideadh, cumhrán, uachtar craicinn, vearnais ingne, datháin ghruaige, gallúnach, seampú, uachtar bearrtha, díbholaíoch, uachtair ghréine, taos fiacla.* Cosmaidí lena n-áirítear eastóscáin ó speicis ar liosta CITES. Ba cheart a léiriú leis an gcainníocht an líon speiceas ar liosta CITES atá i láthair.
cultúr	CUL	líon fleascán, etc.		saothráin plandaí a iomadaíodh go saorga
díorthaigh	DER	kg/l		díorthaigh (seachas díorthaigh a áirítear in áiteanna eile sa tábla seo)
planda triomaithe	DPL	líon		plandaí triomaithe – e.g. eiseamail luslainne
cluas	EAR	líon		cluasa – cluasa eilifinte de ghnáth
ubh	EGG	líon	kg	uibheacha iomlána marbha nó séidte (féach freisin 'caibheár')
uibheacha (beo)	EGL	líon	kg	uibheacha toirchithe beo – ó éin agus reiptílí de ghnáth ach áirítear éisc agus inveirteabraigh freisin

Tuairisciú	Cód téarma trádála	An t-aonad tosaíochta	Aonad malartach	Míniú
blaosc uibhe	ESH	g/kg		blaosc uibhe amh nó neamhshaoirsithe seachas uibheacha iomlána
eastóscán	EXT	kg	l	eastóscán — eastóscáin plandaí de ghnáth
cleite	FEA	kg/líon sciathán	líon	cleití – i gcás réada (e.g. pictiúir) a dhéantar as cleití, líon na réad a thaifeadadh
snáithín	FIB	kg	m	snáithín nádúrtha: téarma cineálach le haghaidh roinnt cineálacha ábhair de thionscnamh nádúrtha (i.e. ábhar plandaí nó ainmhíoch). Is féidir snáithín ainmhíoch a shníomh agus a fhí de ghnáth agus bíonn sé an-mhín de ghnáth agus an-solúbtha. – e.g. snáithín arna lomadh de viciúiní beo. Áirítear leis freisin snáithíní ó inní ainmhithe a úsáidtear chun sreanga le haghaidh racaí leadóige a dhéanamh
eite (thriomaithe)	DFN	kg		eití triomaithe agus codanna d'eití (lena n-áirítear lapaí)
eití (fliucha)	FFN	kg		eití úra, fuaraithe nó reoite agus páirteanna d'eití (lena n-áirítear lapaí)
méaróga	FIG	kg	líon	éisc óga bheo le haghaidh trádáil uisceadán, dobharshaothraithe, gorlanna, tomhaltais nó lena scaoileadh saor, lena n-áirítear eascanna Eorpacha beo (*Anguilla anguilla*) suas le 12 cm ar fad
bláth	FLO	kg		bláthanna
pota bláthanna	FPT	líon		potaí bláthanna atá déanta as codanna de phlanda – e.g. snáithíní raithní craobhaí (NB: ba cheart plandaí beo a thrádáiltear i 'bpotaí pobail', mar a thugtar orthu, a thaifeadadh mar 'phlandaí beo', seachas mar photaí bláthanna)
cosa froig	LEG	kg		cosa froig
torthaí	FRU	kg		torthaí
cos	FOO	líon		crúba– e.g. crúba eilifinte, srónbheannaigh, dobhareich, leoin, crogaill, etc.
táirgí (móra) fionnaidh	FPL	líon		táirgí móra fionnaidh a mhonaraítear – e.g. blaincéid d'fionnadh béir nó lincse nó táirgí fionnaidh eile de mhéid suntasach.
táirge fionnaidh (beag)	FPS	líon		táirgí beaga fionnaidh a mhonaraítear – lena n-áirítear málaí láimhe, siogairlíní eochrach, sparáin, piliúir, maisiú, etc.
domlas	GAL	kg		domlas
máilín domlais	GAB	líon	kg	máilín domlais
ball éadaigh	GAR	líon		baill éadaigh – lena n-áirítear lámhainní agus hataí ach gan bróga san áireamh. Áirítear leis sin maisiú nó maisiúchán ar bhaill éadaigh
baill ghiniúna	GEN	kg	líon	ábhar ó ainmhithe coillte agus péinis thriomaithe
plátaí geolbhaigh	GIL	kg	líon	plátaí geolbhaigh (e.g. i gcás siorcanna)
fréamhstoc beangáin	GRS	líon		fréamhstoic bheangáin (gan na beangáin)

Tuairisciú	Cód téarma trádála	An t-aonad tosaíochta	Aonad malartach	Míniú
fionnadh	HAI	kg	g	folaíonn sé gach fionnadh ainmhíoch neamhphróiseáilte, e.g. fionnadh eilifinte, geaca, guanácó, mic tíre, béir, pantair, etc.
táirgí fionnaidh	HAP	líon	g	táirgí a dhéantar as fionnadh (e.g. bráisléid d'fhionnadh eilifinte)
adharc	HOR	líon	kg	adharca – beanna san áireamh
seodra	JWL	líon	g	seodra – lena n-áirítear bráisléid, muincí, agus earraí eile seodra ó tháirgí seachas eabhar (e.g. adhmad, coiréal, etc.)
seodra – eabhar (eabhar saoirsithe)	IJW	líon	g	seodra déanta as eabhar – lena n-áirítear ekipa
eithne	KNL	kg		ar a dtugtar freisin 'inspeirm', 'laíon' nó 'copra'
táirge leathair (mór)	LPL	líon		táirgí móra déanta as leathar – e.g. málaí cáipéisí, troscán, cásanna, truncaí taistil
táirge leathair (beag)	LPS	líon		táirgí beaga déanta as leathar – e.g. criosanna, teanntáin, diallaití rothair, coinneálaithe leabhar seiceanna nó cártaí creidmheasa, málaí láimhe, siogairlíní eochrach, leabhair nótaí, sparáin, bróga, púitsí tobac, tiachóga, strapaí uaireadóra agus maisiú
iad beo	LIV	líon	kg	ainmhithe beo agus plandaí beo, gan iasc beo san áireamh – féach FIG
duilleog	LVS	kg	líon	duilleoga
lomáin	LOG	m3		gach adhmad neamhchóirithe, bíodh coirt nó sú-adhmad bainte de nó ná bíodh, nó cearnaithe go garbh, lena phróiseáil go háirithe ina adhmad sáfa, ina laíon adhmaid nó ina leatháin veiníre. NB: ba cheart trádáil i lomáin adhmaid sainchuspóra a thrádáiltear de réir meáchain (e.g. lignum vitae, *Guaiacum* spp.) a thaifeadadh in kg
feoil	MEA	kg		feoil, lena n-áirítear feoil éisc nuair nach éisc iomlána iad (féach 'corp'), feoil úr nó neamhphróiseáilte chomh maith le feoil phróiseáilte (e.g. feoil dheataithe, amh, thriomaithe, reoite nó stánaithe) B'fhearr an cód le haghaidh feola (MEA) a úsáid i gcás trádáil eascann lena gcaitheamh ag an duine.
leigheas	MED	kg/l		leigheas
musc	MUS	g		musc
ola	OIL	kg	l	ola – e.g. ó thurtair, rónta, míolta móra, éisc, plandaí éagsúla
péarla	PRL	líon		péarla (e.g. le haghaidh *Strombus gigas*)
eochracha pianó (eabhar saoirsithe)	KEY	líon		eochracha eabhair pianó (e.g. bheadh 52 eochair phianó eabhair i bpianó caighdeánach amháin)
píosa – cnámh	BOP	kg		píosaí cnámh, nach bhfuil monaraithe

Tuairisciú	Cód téarma trádála	An t-aonad tosaíochta	Aonad malartach	Míniú
píosa – adharc	HOP	kg		píosaí adhairce, nár monaraíodh – lena n-áirítear fuíoll
píosa – eabhar (eabhar amh)	IVP	kg		píosaí eabhair, nár monaraíodh – lena n-áirítear fuíoll
pláta	PLA	m2		plátaí ilchraicne – lena n-áirítear rugaí má tá siad déanta as roinnt craicne
sraithadhmad	PLY	m2	m3	ábhar ina bhfuil trí leathán nó níos mó d'adhmad gliúáilte agus brúite ar an gceann eile agus é eagraithe de ghnáth ionas go mbeidh snáithe an adhmaid sna sraitheanna comhleanúnacha ar fiar
púdar	POW	kg		substaint sholadach, thirim agus í ina cáithníní míne nó garbha
pupaí	PUP	líon		pupaí féileacáin
fréamh	ROO	líon	kg	fréamhacha, bleibíní, cormáin nó tiúbair NB: Maidir le *Aquilaria spp*. agus *Gyrinops spp*., tacsóin óna dtáirgtear an crann iolair, is é 'cileagraim' an t-aonad tosaíochta. Is é 'líon' an t-aonad malartach.
ruga	RUG	líon		rugaí
rostram sáibh mara	ROS	líon	kg	rostram sáibh mara
adhmad sáfa	SAW	m3		adhmad atá sáfa ar a fhad nó a tháirgtear trí phróiseas sliseanna próifíle; níos mó ná 6 mm ar tiús de ghnáth. NB: ba cheart trádáil in adhmad sáfa ó chineálacha adhmaid sainchríche a thrádáiltear de réir meáchain (e.g. lignum vitae, *Guaiacum* spp.) a thaifeadadh in kg
gainne	SCA	kg		gainní – e.g. gainní turtair, reiptílí eile, éisc, pangailiní
síol	SEE	kg		síolta
blaosc	SHE	líon	kg	blaosc moileasc, í amh nó neamhshaoirsithe
cliathán	SID	líon		taobhanna nó cliatháin seithe; ní áirítear frámaí Tinga crogaill (féach faoi 'craiceann')
cnámharlach	SKE	líon		cnámharlaigh iomlána den chuid is mó
craiceann	SKI	líon		craicne atá beagnach iomlán, iad amh nó súdaraithe, lena n-áirítear seithí, frámaí Tinga crogaill, líneáil sheachtrach choirp, bíodh gainní ann nó ná bíodh
píosa craicinn	SKP	kg	líon	píosaí craicinn – lena n-áirítear giotaí beaga, iad amh nó súdaraithe
cloigeann	SKU	líon		cloigne
anraith	SOU	kg	l	anraith – e.g. anraith turtair

Tuairisciú	Cód téarma trádála	An t-aonad tosaíochta	Aonad malartach	Míniú
eiseamal (eolaíoch)	SPE	kg/l/ml/líon		eiseamail eolaíocha – áirítear fuil, fíochán (e.g. duáin, liathán, etc.), ullmhóidí histeolaíocha, eiseamail mhúsaeim leasaithe, etc.
gas	STE	líon	kg	gais plandaí NB: Maidir le *Aquilaria spp*. agus *Gyrinops spp*., tacsóin óna dtáirgtear an crann iolair, is é 'cileagraim' an t-aonad tosaíochta. Is é 'líon' an t-aonad malartach.
lamhnán snámha	SWI	kg		orgán hidreastatach, lena n-áirítear iascghlae/gliú bradáin fearna
eireaball	TAI	líon	kg	eireaball – e.g. eireaball cadhmain (le haghaidh leathair) nó eireaball sionnaigh (le haghaidh maisiú éadaigh, bónaí, bóanna, etc.), bosa céiticeach san áireamh freisin.
snáithe	THD	kg		snáithe – dual fada próiseáilte de ribí iomadúla fionnaidh nó de shnáithíní de bhunús nádúrtha (e.g. planda nó ainmhíoch), e.g. viciúine, guanácó
fiacail	TEE	líon	kg	fiacla – e.g. ón míol mór, leon, dobhareach, crogall, etc.
adhmad	TIM	m3	kg	adhmad amh seachas lomáin sábhadóireachta, adhmad sáfa agus adhmad claochlaithe
adhmad trasfhoirmithe	TRW	m3	kg	arna sainiú ag cód 44.09 den Chóras Comhchuibhithe: Adhmad (lena n-áirítear stiallacha, agus fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitrithe, v-siúntáilte, feirbthe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá chinn nó dá éadain, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh.
trófaí	TRO	líon		trófaí – na codanna trófaí uile d'ainmhí amháin má onnmhairítear le chéile iad: e.g. (2) adharc, cloigeann, cába, craiceann droma, eireaball agus crúba (i.e. deich n-eiseamal), is trófaí amháin iad. Ach más rud é, mar shampla, gurb iad an cloigeann agus na hadharca amháin na heiseamail d'ainmhí a onnmhairítear, ba chóir na míreanna sin le chéile a thaifeadadh mar aon trófaí amháin. Seachas sin, ba cheart na míreanna a thaifeadadh ar leithligh. Déantar corp stuáilte iomlán a thaifeadadh faoi 'BOD'. Déantar craiceann leis féin a thaifeadadh faoi 'SKI'. Ba cheart trádáil in 'suim iomlán', 'suim ghualainn' agus 'leathchliabh', mar aon le haon chodanna comhfhreagracha den ainmhí céanna a onnmhairítear le chéile ar an gcead céanna, a thuairisciú mar '1 TRO'

Tuairisciú	Cód téarma trádála	An t-aonad tosaíochta	Aonad malartach	Míniú
trunc	TRU	líon	kg	trunc eilifinte. N.B.: Ba cheart trunc eilifinte a onnmhairítear in éineacht le míreanna trófaí eile ón ainmhí céanna ar an gcead céanna agus atá mar chuid de thrófaí fiaigh a thuairisciú mar 'TRO'.
Starr (eabhar amh)	TUS	líon	kg	starra iomlána a bheag nó a mhór, nár saoirsíodh. Lena n-áirítear starra eilifinte, dobhareich, rosuailt, narbhail, ach gan fiacla eile san áireamh – N.B. Ba chóir starra snoite iomlána a thuairisciú mar shnoíodóireacht – eabhar (féach 'IVC' thuas).
leatháin veiníre — veinír rothlach — veinír slisnithe	VEN VEN	m3 m2	kg kg	sraitheanna tanaí nó leatháin adhmaid de thiús aonfhoirmeach, 6 mm nó níos lú ar tiús de ghnáth, scafa de ghnáth (veinír rothlach) nó slisnithe (veinír slisnithe), lena n-úsáid chun sraithadhmad a dhéanamh, le haghaidh troscán veiníre, coimeádáin veiníre, etc.
céir	WAX	kg		céir
táirge adhmaid	WPR	líon	kg	táirgí adhmaid monaraithe, lena n-áirítear táirgí adhmaid bailchríochnaithe amhail troscán agus uirlisí ceoil.

Eochair do na haonaid tomhais

Aonad tomhais	Cód aonaid
gram	g
cileagram	kg
lítir	l
ceintiméadair chiúbacha	cm^3
millilítir	ml
méadair	m
méadair chearnacha	m^2
méadair chiúbacha	m^3
an líon eiseamal	líon

NB.: Mura sonraítear aon aonad tomhais, glacfar leis gurb é an líon an t-aonad (e.g. an líon ainmhithe beo).

Na tagairtí caighdeánacha maidir le hainmníocht atá le húsáid chun ainmneacha eolaíocha na speiceas a léiriú i gceadanna agus deimhnithe de bhun Airteagal 5(4)

FÁNA

		An tacsón lena mbaineann	An tagairt thacsanomaíoch
MAMMALIA			
		Tacsóin uile *MAMMALIA* — seachas aithint na n-ainmneacha seo a leanas le haghaidh phórtha fiáine na speiceas (de rogha ar ainmneacha le haghaidh na bpórtha clóis): *Bos gaurus, Bos mutus, Bubalus arnee, Equus africanus, Equus przewalskii,* agus — seachas na tacsóin a léirítear faoi oird éagsúla *Mammalia* a leagtar amach thíos	Wilson, D. E. & Reeder, D. M. (eag.) (2005). *Mammal Species of the World. A Taxonomic and Geographic Reference*. An Tríú hEagrán, Imleabhair 1-2, xxxv + 2142 lch. (John Hopkins University Press), Baltimore.
ARTIODACTYLA	Bovidae	*Ovis* spp.	Valdez, R. & Weinberg, P.J. (2011). Species accounts 188-207 for *Ovis* spp., pp. 727-739 in Wilson, D.E., & Mittermeier, R.A. (eds.), *Handbook of the Mammals of the World. Vol.2. Hoofed Mammals*. Lynx Edicions, Barcelona. ISBN 978-84-96553-77-4.
	Camelidae	*Lama guanicoe*	Wilson, D. E. & Reeder, D. M. (1993): *Mammal Species of the World: a Taxonomic and Geographic Reference*. Second edition. xviii + 1207 pp., Washington (Smithsonian Institution Press).
CARNIVORA	Felidae	Felidae spp.,	Kitchener A. C., Breitenmoser-Würsten CH., Eizirik E., Gentry A., Werdelin L., Wilting A., Yamaguchi N., Abramov A. V., Christiansen P., Driscoll C., Duckworth J. W., Johnson W., Luo S.-J., Meijaard E., O'Donoghue P., Sanderson J., Seymour K., Bruford M., Groves C., Hoffmann M., Nowell K., Timmons Z. & Tobe S. (2017). A revised taxonomy of the Felidae. The final report of the Cat Classification Task Force of the IUCN/SSC Cat Specialist Group. *Cat News* Special Issue 11, 80 pp.

		An tacsón lena mbaineann	An tagairt thacsanomaíoch
	Mustelidae: Lutrinae	*Aonyx cinereus*	Larivière, S., & Jennings, A.P. 2009. Species account 37 for Asian Small-clawed Otter *Aonyx cinereus*, p. 647 in Wilson, D.E., & Mittermeier, R.A. (eds.), *Handbook of the Mammals of the World. Vol.1. Carnivores.* Lynx Edicions, Barcelona. ISBN 978-84-96553-49-1.
CETACEA	Balaenopteridae	*Balaenoptera omurai*	Wada, S., Oishi, M. & Yamada, T. K. (2003). A newly discovered species of living baleen whales. – *Nature,* **426**: 278-281.
	Delphinidae	*Orcaella heinsohni*	Beasly, I., Robertson, K. M. & Arnold, P. W. (2005). Description of a new dolphin, the Australian Snubfin Dolphin, *Orcaella heinsohni* sp. n. (Cetacea, Delphinidae). – *Marine Mammal Science,* **21** (3): 365-400.
	Delphinidae	*Sotalia fluviatilis* *Sotalia guianensis*	Caballero, S., Trujillo, F., Vianna, J. A., Barrios-Garrido, H., Montiel, M. G., Beltrán-Pedreros, S., Marmontel, M., Santos, M. C., Rossi-Santos, M. R. & Baker, C. S. (2007). Taxonomic status of the genus *Sotalia*: species level ranking for "tucuxi" (*Sotalia fluviatilis*) and "costero" (*Sotalia guianensis*) dolphins. - *Marine Mammal Science,* **23**: 358-386.
	Delphinidae	*Sousa plumbea* *Sousa sahulensis*	Jefferson, T. A.& Rosenbaum, H. C. (2014). Taxonomic revision of the humpback dolphins (*Sousa* spp.), and description of a new species from Australia. *Marine Mammal Science,* **30** (4): 1494-1541.
	Delphinidae	*Tursiops australis*	Charlton-Robb, K., Gershwin, L.-A., Thompson, R., Austin, J., Owen, K. & McKechnie, S. (2011). A new dolphin species, the Burrunan Dolphin *Tursiops australis* sp. nov., endemic to southern Australian coastal waters. *PLoS ONE,* **6** (9): e24047.
	Iniidae	*Inia araguaiaensis*	Hrbek, T., da Silva, V. M. F., Dutra, N., Gravena, W., Martin, A. R. & Farias, I. P. (2014): A new species of river dolphin from Brazil or: How little do we know our biodiversity. *PLoS ONE* **83623**: 1-12.
	Phocoenidae	*Neophocaena asiaeorientalis*	Jefferson, T. A. & Wang, J. Y. (2011). Revision of the taxonomy of finless porpoises (genus *Neophocaena*): The existence of two species. *Journal of Marine Animals and their Ecology*, **4** (1): 3-16.
	Physeteridae	*Physeter macrocephalus*	Rice, D. W. (1998). Marine Mammals of the World: Systematics and Distribution - *Society of Marine Mammalogy* Special Publication Number **4**, The Society for Marine Mammalogy, Lawrence, Kansas.
	Platanistidae	*Platanista gangetica*	Rice, D. W. (1998). Marine Mammals of the World: Systematics and Distribution - *Society of Marine Mammalogy* Special Publication Number **4**, The Society for Marine Mammalogy, Lawrence, Kansas.
	Ziphiidae	*Mesoplodon hotaula*	Dalebout, M. L., Scott Baker, C., Steel, D., Thompson, K., Robertson, K. M., Chivers, S. J., Perrin, W. F., Goonatilake, M., Anderson, C. R., Mead, J. G., Potter, C. W., Thompson, L., Jupiter, D. & Yamada, T. K. (2014). Resurrection of *Mesoplodon hotaula* Deraniyagala 1963: A new species of beaked whale in the tropical Indo-Pacific. *Marine Mammal Science,* **30** (3): 1081-1108.

		An tacsón lena mbaineann	An tagairt thacsanomaíoch
PRÍOMHAIGH	Aotidae	*Aotus jorgehernandezi*	Defler, T. R. & Bueno, M. L. (2007). *Aotus* diversity and the species problem. – *Primate Conservation*, **22**: 55-70.
	Aotidae	*Aotus lemurinus* (incl. *A. hershkovitzi*)	Mittermeier, R.A., Rylands, A.B., & Wilson, D.E. 2013. *Handbook of the Mammals of the World: Volume 3. Primates*. Lynx Edicions, Barcelona.
	Atelidae	*Alouatta palliata* (incl. *A. coibensis*)	Ruiz-García, M., Cerrón, Á., Sánchez-Castillo, S., Rueda-Zozaya, P., Pinedo-Castro, M., Gutierrez-Espeleta, G. & Shostell, J.M. (2017): Phylogeography of the Mantled Howler Monkey (*Alouatta palliata*; Atelidae, Primates) across its geographical range by means of mitochondrial genetic analyses and new insights about the phylogeny of *Alouatta*. *Folia Primatologica* 88: 421-454
	Atelidae	*Ateles geoffroyi*	Rylands, A. B., Groves, C. P., Mittermeier, R. A., Cortes-Ortiz, L. & Hines, J. J. (2006). Taxonomy and distributions of Mesoamerican primates. In: A. Estrada, P. Garber, M. Pavelka and L. Luecke (eds), *New Perspectives in the Study of Mesoamerican Primates: Distribution, Ecology, Behavior and Conservation,* pp. 29–79. Springer, New York, USA.
	Cebidae	*Callithrix manicorensis*	Garbino, T. & Siniciato, G. (2014). The taxonomic status of *Mico marcai* (Alperin 1993) and *Mico manicorensis* (van Roosmalen *et al*. 2000) (Cebidae, Callitrichinae) from Southwestern Brazilian Amazonia. *International Journal of Primatology*, **35** (2): 529-546. (for *Mico marcai* lumped with *Mico manicorensis* treated as *Callithrix manicorensis* under CITES]
	Cebidae	*Cebus flavius*	Oliveira, M. M. de & Langguth, A. (2006). Rediscovery of Marcgrave's Capuchin Monkey and designation of a neotype for *Simia flava* Schreber, 1774 (Primates, Cebidae). – Boletim do Museu Nacional do Rio de Janeiro, N.S., *Zoologia*, **523**: 1-16.
	Cebidae	*Mico rondoni*	Ferrari, S. F., Sena, L., Schneider, M. P. C. & Júnior, J. S. S. (2010). Rondon's Marmoset, *Mico rondoni* sp. n., from southwestern Brazilian Amazonia. *International Journal of Primatology*, **31**: 693-714.
	Cebidae	*Saguinus ursulus*	Gregorin, R. & de Vivo, M. (2013). Revalidation of *Saguinus ursula* Hoffmannsegg (Primates: Cebidae: Callitrichinae). *Zootaxa*, **3721** (2): 172-182.
	Cebidae	*Saimiri collinsi*	Merces, M. P., Alfaro, J. W. L., Ferreira, W. A. S., Harada, M. L. & Júnior, J. S. S. (2015). Morphology and mitochondrial phylogenetics reveal that the Amazon River separates two eastern squirrel monkey species: *Saimiri sciureus* and *S. collinsi*. *Molecular Phylogenetics and Evolution*, **82**: 426-435.
	Cercopithecidae	*Allochrocebus lhoesti* *Allochrocebus preussi* *Allochrocebus solatus*	Mittermeier, R.A., Rylands, A.B., & Wilson, D.E. 2013. *Handbook of the Mammals of the World: Volume 3. Primates*. Lynx Edicions, Barcelona.

	An tacsón lena mbaineann	An tagairt thacsanomaíoch
Cercopithecidae	*Cercopithecus lomamiensis*	Hart, J.A., Detwiler, K.M., Gilbert, C.C., Burrell, A.S., Fuller, J.L., Emetshu, M., Hart, T.B., Vosper, A., Sargis, E.J. & Tosi, A.J. (2012). Lesula: A new species of *Cercopithecus* monkey endemic to the Democratic Republic of Congo and implications for conservation of Congo's Central Basin. *PLoS ONE*, **7** (9): e44271.
Cercopithecidae	*Macaca leucogenys*	Li, C., Zhao, C., & Fan, P.F. (2015). White-cheeked macaque (*Macaca leucogenys*): A new macaque species from Modog, southeastern Tibet. *American Journal of Primatology*, 77:753-766.
Cercopithecidae	*Macaca munzala*	Sinha, A., Datta, A., Madhusudan, M. D. & Mishra, C. (2005). *Macaca munzala*: A new species from western Arunachal Pradesh, northeastern India. *International Journal of Primatology*, **26** (4): 977-989: doi:10.1007/s10764-005-5333-3.
